RÚN (AE) 2023/1890 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) don bhliain airgeadais 2021

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0130/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis maidir le hioncam agus caiteachas ([1]), gurbh ionann buiséad críochnaitheach na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) (an 'Institiúid') don bhliain airgeadais 2021 agus EUR 360 913 825,71, arb ionann sin agus laghdú 42,26 % i gcomparáid le 2020;

B. de bhrí gur leithdháil an Bord Rialaithe EUR 357 511 198 (96 %) ar ocht bPobal Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) de chuid na hInstitiúide chun a bPleananna Gnó 2021 a chur chun feidhme;

C. de bhrí gur tháinig laghdú ar an mbuiséad don bhliain airgeadais 2021 mar gheall ar an méid i bhfad níos ísle deontas a dámhadh agus a cuireadh chun feidhme do PENanna in 2021 mar gheall ar an aistriú idir na tréimhsí creata airgeadais ilbhliantúil a bhí ann roimhe sin agus tréimhsí nua an chreata airgeadais ilbhliantúil;

D. de bhrí go luaitear i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí (an 'Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2021 ('tuarascáil na Cúirte') go bhfuil dearbhú réasúnach faighte ag an gCúirt go bhfuil cuntais bhliantúla na hInstitiúide iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 97,91 % de leithreasaí gealltanais na bliana reatha mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2021, arb ionann é agus laghdú 1,94 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann an ráta foghníomhaithe don bhliain reatha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta 99,47 %, arb ionann é agus laghdú 0,34 % i gcomparáid le 2020;

2. ag tabhairt dá haire gur glacadh clár oibre straitéiseach um nuálaíocht (COSN) 2021-2027 na hInstitiúide, rud a léiríonn buiséad méadaithe na hInstitiúide de bheagnach EUR 3 bhilliún don tréimhse seacht mbliana agus sainordú feabhsaithe;

3. ag tabhairt dá haire, maidir leis an mbreathnóireacht leantach i ndáil le haisíocaíocht speansas taistil agus cothaithe EUR 1 200 arna dtabhú ag comhalta eatramhach d'fhoireann na hInstitiúide, gur sheol an Institiúid in 2022, mar bheart ceartaitheach, tairiscint nua chun seirbhísí eatramhacha a fháil ar conradh, lena gcumhdaítear costais mhisin na ngníomhairí eatramhacha agus gnéithe taistil chun na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú;

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 161.

Feidhmíocht

4. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Institiúid córas príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le PENanna na hInstitiúide; ag tabhairt dá haire, mar a rinneadh sna blianta roimhe sin, nár bhain PENanna lánúsáid as na méideanna deontais a bhronn an Institiúid;

5. ag tabhairt dá haire gur chuir an Institiúid a clár oibre chun feidhme go forleathan in 2021, cé gur tharla roinnt moilleanna mar gheall ar ghlacadh déanach Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([2]) agus Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]); ag tabhairt dá haire gur cuireadh roinnt tosaíochtaí ar athló go dtí 2022, eadhon straitéis faireacháin agus aistriú chuig ríomhdheontais mar gheall ar acmhainní daonna neamhleora na hInstitiúide; ag tabhairt dá haire, i measc phríomhéachtaí na hInstitiúide in 2021, gur seoladh 'HEI Initiative: Innovation Capacity Building for Higher Education' [Tionscnamh Ardoideachais: Forbairt Acmhainne Nuálaíochta don Ardoideachas], arb ionann é agus príomhchuspóir de chuid COSN 2021-2027; á chur in iúl gur mór aici go bhfuil feabhas tagtha ar an meán-am chun deontas a thabhairt ó 187 lá go 117 lá;

6. á chur in iúl gur geal léi forbairt sineirgí agus cleachtas comhair le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, an dul chun cinn a rinneadh in 2021 maidir le meabhrán tuisceana na hInstitiúide leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) a chur chun feidhme, le tionscadail chomhpháirteacha maidir le gnólachtaí nuathionscanta PEN a bheith ag dul isteach i gclár luasghéaraithe EIC nó i gcur chun cinn chlár oibre fiontraíochta na mban; ag tabhairt dá haire comhar na hInstitiúide le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí i réimsí amhail painéil earcaíochta nó cúltaca teicneolaíochta faisnéise (TF); ag tabhairt dá haire, thairis sin, an comhar tairbheach idir an Institiúid agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh maidir le borradh a chur faoin nuálaíocht i measc gnólachtaí agus fiontar beaga agus meánmhéide Eorpacha, agus ghlac níos mó ná 700 duine páirt i 35 ghníomhaíocht in 2021;

Beartas foirne

7. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, an 31 Nollaig 2021, go raibh 93 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme agus go raibh 42 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 45 ghníomhaire shealadacha a údaraíodh faoi bhuiséad an Aontais (an líon céanna post údaraithe in 2020); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 21 ghníomhaire ar conradh don Institiúid in 2021, mar aon le 15 bhall foirne eatramhacha agus saineolaí náisiúnta amháin ar iasacht;

8. á chur in iúl gur oth léi an easpa cothromaíochta inscne laistigh de phoist shinsearacha agus mheánbhainistíochta na hInstitiúide, eadhon gur fir iad cúigear as seisear (83 %); ag tabhairt dá haire an ionadaíocht inscne laistigh de bhord bainistíochta na hInstitiúide, gur fir iad 9 as 15 (60 %), agus laistigh d'fhoireann fhoriomlán na hInstitiúide, gur mná iad 35 as 63 (56 %); ag tabhairt dá haire tiomantas na hInstitiúide a plean gníomhaíochta maidir le hinscne a chur chun feidhme, le sraith gníomhaíochtaí a eagraíodh in 2021, amhail clár tras-PEN atá tiomnaithe d'fhiontraíocht agus do cheannaireacht na mban agus an tionscadal tiomnaithe 'Girls Go Circular' chun rannpháirtíocht na mban i réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a mhéadú; ag iarraidh ar an Institiúid bearta nithiúla a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a fheabhsú ar gach leibhéal den ordlathas a luaithe is féidir agus tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh;

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil iar-Choimisinéir amháin agus iar-Fheisire amháin de Pharlaimint na hEorpa ag fáil airgead ó bhuiséad na hInstitiúide mar chomhaltaí de Bhord Rialachais na hInstitiúide;

10. ag tabhairt dá haire láimhdeachas foirne 6,3 % na hInstitiúide in 2021; ag tabhairt dá haire go bhfuil deacrachtaí ag an Institiúid gairmithe ardoilte a mhealladh agus a choinneáil mar gheall ar chomhéifeacht íseal tuarastail don Ungáir; á chur in iúl gur geal léi bearta dreasachta agus tionscnaimh shóisialta na hInstitiúide chun ráta ard láimhdeachais foirne a chosc;

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

([3]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ualach oibre na hInstitiúide in 2021 chomh maith le cúraimí nua a bhaineann le sainordú leathnaithe na hInstitiúide faoi Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire, áfach, nach raibh aon acmhainní foirne nua ag gabháil leis an sainordú agus na cúraimí méadaithe, rud a d'fhág nach raibh dóthain foirne criticiúla ann agus go gcuirfí cur chun feidhme chlár oibre ilbhliantúil na hInstitiúide i mbaol chomh maith leis an dearbhú maidir leis na cistí bainistithe; ag tabhairt dá haire, mar thoradh air sin, go bhfuil costais riaracháin na nInstitiúide ar leibhéal an-íseal, agus iad ag 2 % dá bhuiséad iomlán, i gcomparáid le 4,6 % ar an meán faoi Fhís 2020; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, an baol nach gcuirfear chun feidhme gach bhunghné de chlár oibre bliantúil na hInstitiúide; ag tabhairt dá haire gur thug bord rialaithe na hInstitiúide aghaidh ar easpa foirne na hInstitiúide agus ar na rioscaí a bhaineann léi, agus ag deireadh 2021, d'fhormhuinigh sé an t-atheagrú ar bhainistiú na n-acmhainní atá ar fáil, le hathbhreithniú ar struchtúr agus ar chairt eagrúcháin na hInstitiúide a dhéanfar in 2022; á thabhairt chun suntais go ndearna an Institiúid, tar éis gur diúltaíodh don chéad iarraidh ar phoist bhreise le haghaidh 2021 agus 2022, iarraidh ar 10 bpost bhreise a thabhairt isteach an athuair in 2022; á aithint gur gá acmhainní na hInstitiúide a ailíniú leis na hionchais nua maidir leis an sainordú; á mheabhrú go méadaítear an riosca earráidí agus neamhrialtachtaí mura gcomhlíontar na ceanglais foirne agus go ndéanfadh sé damáiste féideartha freisin do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais;

12. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas acmhainní daonna fadtéarmach a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre-saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint maidir le forbairt gairme, cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal foirne, teilea-oibriú, an ceart chun dínascadh, feabhsú na cothromaíochta geografaí chun ionadaíocht iomchuí ó na Ballstáit go léir a áirithiú, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear na deiseanna atá acu chun cinn go forleathan;

Soláthar

13. ag tabhairt dá haire gur chuir an Institiúid 87 % de na nósanna imeachta soláthair i gcrích in 2021, i gcomhréir lena plean, rud a sháraíonn an sprioc 85 % de nósanna imeachta soláthair a cuireadh i gcrích in 2021; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Institiúid go raibh a nósanna imeachta tosaíochta ar fad tugtha chun críche seachas an creatchonradh nua do sheirbhísí cumarsáide agus bainistiú imeachtaí;

14. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte nach ndearna an Institiúid, i gcás dhá íocaíocht iniúchta, na gealltanais bhuiséadacha ghaolmhara a údarú ach amháin tar éis an conradh a shíniú; ag tabhairt dá haire barúil na Cúirte gur sháraigh sé sin Airteagal 73(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún ([4]); ag tabhairt dá haire ó fhreagra na hInstitiúide go n-úsáidfear uirlis chaighdeánach TF Fís Eorpach de chuid an Choimisiúin, ó 2023, chun deontais a bhainistiú, i gcás ina bhfuil rialuithe inmheánacha iomchuí lena gcuirtear cosc ar earráidí comhchosúla leabaithe sa chóras; ag tabhairt dá haire, thairis sin, tiomantas na hInstitiúide a buan-nós imeachta oibríochta maidir le scagchuairdeanna airgeadais a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe is gá a léiriú; á iarraidh ar an Institiúid tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn san ábhar seo don údarás urscaoilte;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

15. ag aithint bhearta reatha na hInstitiúide agus a hiarrachtaí leanúnacha trédhearcacht a dhaingniú, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus cosaint sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire go ndearna an Institiúid dearbhuithe leasa agus CVanna chomhaltaí a boird rialaithe agus a foirne bainistíochta a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin;

16. ag tabhairt dá haire tiomantas na hInstitiúide a beartas maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, a nuashonrú agus a fheabhsú; ag tabhairt dá haire gur iarr bord rialaithe na hInstitiúide ar an gCoimisiún comhaontú a ghlacadh roimh ré maidir le cinneadh a ghlacadh i ndáil le coinbhleacht leasa agus próisis chinnteoireachta a chosc agus a bhainistiú chun coinbhleachtaí leasa fhoireann na hInstitiúide a sheachaint a chomhlánóidh rialacha reatha na hInstitiúide atá i bhfeidhm; á chur in iúl gur geal léi bearta breise na hInstitiúide amhail teimpléid chaighdeánaithe maidir le coinbhleachtaí leasa agus coiste comhairlech um choinbhleachtaí leasa a thabhairt isteach; ag tabhairt dá haire gur sainaithníodh cásanna coinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs an chleachtaidh athaicmithe agus na nósanna imeachta roghnúcháin agus gur tugadh aghaidh orthu leis na bearta maolaithe atá ann cheana;

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

17. á chur in iúl gur geal léi go bhfanann an Institiúid ar cheann de naoi ngníomhaireachtaí a thug isteach a rialacha inmheánacha féin lena rialaítear gníomhaíochtaí chomhaltaí a mboird, a théann níos faide ná na híoscheanglais dhlíthiúla maidir le cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann le doirse imrothlacha; ag tabhairt dá haire, go háirithe, faoi Chód Dea-Iompar na hInstitiúide, nach féidir le comhaltaí na mbord aon phost a ghlacadh, bíodh sé íoctha nó neamhíoctha, in aon ghnólachtaí, ionaid taighde nó ollscoileanna atá rannpháirteach i PENanna na hInstitiúide nó a fhaigheann deontais ón Institiúid, go ceann dhá bhliain tar éis dóibh a bpost a fhágáil; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur dhréachtaigh an Institiúid beartas maidir le rochtain ar fhaisnéis rúnda do bhaill foirne atá ag fágáil agus treoir maidir le srianta agus toirmisc iarfhostaíochta; ag iarraidh ar an Institiúid an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil cothrom le dáta maidir le cur chun feidhme an bheartais;

18. á áitiú gur gá rialacha níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleacht leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha; ag iarraidh ar an Institiúid a sásraí rialaithe inmheánacha a neartú, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a bhunú;

Rialú inmheánach

19. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na hInstitiúide maidir le cumas iniúchóireachta inmheánaí (IAC), gur dúnadh 29 moladh oscailte as 87 moladh i raon feidhme an iniúchta leantaigh, gur íosghrádaíodh 25 mholadh oscailte, agus nach ndearnadh aon mholadh oscailte a uasghrádú; ag tabhairt dá haire, mar thoradh air sin, nach raibh aon saincheisteanna criticiúla fós oscailte faoin 31 Nollaig 2021;

20. ag tabhairt dá haire gur thionscain an Institiúid, i gcomhthéacs cleachtadh athbhreithnithe ar a struchtúr eagrúcháin, aistriú fheidhm IAC chuig feidhm faireacháin agus maoirseachta PENanna in 2021;

21. ag tabhairt dá haire Straitéis Frithchalaoise athbhreithnithe na hInstitiúide do 2021-2023; ag tabhairt dá haire, as na 14 chuspóir frithchalaoise a leagadh síos don bhliain 2021, gur baineadh amach naoi gcinn ina n-iomláine, gur baineadh ceithre chuspóir amach go páirteach agus go ndearnadh aon cheann a chur ar athló;

22. ag tabhairt dá haire go ndearna seirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) an Choimisiúin iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna in 2021; á thabhairt faoi deara gur eisíodh trí mholadh thábhachtacha an tráth sin; ag tabhairt dá haire maidir leis an obair leantach a rinneadh ar iniúchtaí IAS roimhe seo, maidir leis an Institiúid in 2021, nach raibh aon mholtaí criticiúla ná an-tábhachtach ó IAS oscailte, cé go raibh moill ar roinnt moltaí tábhachtacha agus iad fós oscailte;

23. ag tabhairt dá haire conclúidí fhéinmheasúnú na hInstitiúide maidir le rialú inmheánach go bhfuil a córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach agus éifeachtúil ar an iomlán, agus go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe breise maidir le prionsabal 12;

24. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta a áirithiú á áitiú go láidir gur gá córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialaithe a bheith ann chun cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann de choinbhleachtaí leasa a sheachaint, rialuithe *ex-ante* agus *ex-post* a bheith in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí.

Digitiú agus an t-aistriú glas

25. ag tabhairt dá haire bearta na hInstitiúide chun feabhas a chur ar a slándáil ar líne agus ar a digitiú; á tabhairt dá haire, ó 2021 i leith, gur chuir an Institiúid na seirbhísí faireacháin ar fad ón bhFoireann phráinnfhreagartha ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais chun feidhme. ag tabhairt dá haire go ndearna an Institiúid iniúchtaí cibearshlándála in 2021 agus gur chuir sí na moltaí uile a eisíodh chun feidhme; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon teagmhais chibearshlándála in 2021; ag tabhairt dá haire, i gcomhthéacs SYSPER (córas faisnéise Bainistíochta Acmhainní Daonna de chuid an Choimisiúin Eorpaigh) a chur chun feidhme de réir a chéile, gur ghlac an Institiúid modúil bhreise in 2021 chun acmhainní daonna a bhainistiú;

26. ag aithint an ról ceannasach atá ag PEN Aeráide na hInstitiúide maidir le bainistiú tionchair comhshaoil laistigh den Aontas; ag moladh iarrachtaí leanúnacha na hInstitiúide chun taisteal agus astaíochtaí CO_2 a laghdú; ag tabhairt dá haire gur bunaíodh Coiste Inbhuanaitheachta in 2021, chun gníomhaíochtaí breise a shainiú chun gníomhaíochtaí na hInstitiúide a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de;

27. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na hInstitiúide a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Institiúid leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir gníomhaireachtaí an Aontais a sheachaint; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

28. ag spreagadh na hInstitiúide chun oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil); á mholadh go ndéantar cláir oiliúna ar an gcibearshlándáil arna nuashonrú go rialta a thairiscint do bhall foirne uile na hInstitiúide; á iarraidh ar an Institiúid dlús a chur le forbairt a beartais cibearshlándála, é a sholáthar roimh an 31 Nollaig 2023 agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh ina leith;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéimCOVID-19

29. ag aithint dúshláin na hInstitiúide maidir le leanúnachas gnó a bhainistiú le linn an aistrithe chuig Fís Eorpach mar gheall ar chreat dlíthiúil athbhreithnithe na hInstitiúide a ghlacadh go míthráthúil; ag tabhairt dá haire na bearta maolaitheacha a d'fhormhuinigh an Institiúid in 2021 chun ceanglais chreat dlíthiúil Fís Eorpach a chur san áireamh in ainneoin na moilleanna sin, amhail cruinnithe an tascfhórsa maidir le simpliú agus an treochlár aistrithe do 2021; á chur in iúl gur geal léi gur fhág na hiarrachtaí sin gur éirigh leis an Institiúid aistriú chuig Fís Eorpach, agus íoslaghdú á dhéanamh ar an gcur isteach oibríochtúil ag an am chéana;

30. ag tabhairt dá haire gníomhaíochtaí leanúnacha na hInstitiúide chun leanúnachas gnó a áirithiú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, amhail Microsoft Teams a leathadh amach le haghaidh cumarsáide agus comhair chomh maith le cur chun feidhme suirbhéanna cuisle chun aiseolas foirne a bhailiú maidir le príomhábhair; ag moladh don Institiúid na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le cianmhodhanna oibre agus modhanna oibre hibrideacha a chur i bhfeidhm, chun cruinnithe agus imeachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla a eagrú ar bhealach níos éifeachtaí ná iad féin a dhéanamh go pearsanta amach anseo; á mheabhrú gur bhain an Institiúid torthaí dearfacha amach i dtéarmaí rannpháirtíochta in imeachtaí hibrideacha;

Barúlacha eile

31. á thabhairt faoi deara go n-iarrtar le COSN nua 2021-2027 go mbeadh rannpháirtíocht threisithe ann le Ballstáit trí chomhar, cumarsáid agus infheictheacht mhéadaithe; ag tabhairt dá haire bearta leantacha na hInstitiúide chun cumarsáid agus feasacht a neartú laistigh dá comhphobal; ag tabhairt dá haire, go háirithe, gur bhunaigh an Institiúid líonra de 89 bpointe teagmhála náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar 57 dtír, lena n-áirítear na Ballstáit, tíortha comhlachaithe Fhís agus tríú tíortha eile; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil forbairt á déanamh ar Lárionad Eolais na hInstitiúide mar stór poiblí de dhoiciméid agus tuarascálacha oibre beartais;

32. ag iarraidh ar an Institiúid leanúint dá sineirgí a fhorbairt (mar shampla maidir le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil), agus a comhar, a malartú dea-chleachtais agus a pléití maidir le réimsí comhleasa le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a neartú d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú;

33. ag tagairt, i gcás barúlacha eile de chineál trasghearrtha a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, dá rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([5]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.